**Leasú 219**
**Christophe Clergeau**
thar ceann an Ghrúpa S&D

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 7 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) a chomhlíonann na critéir choibhéise maidir le gnáthphlandaí, a leagtar amach in Iarscríbhinn I, nó | (a) a chomhlíonann na critéir choibhéise maidir le gnáthphlandaí, a leagtar amach in Iarscríbhinn I, ***agus an measúnú sábháilteachta faoi dhíon a leagtar amach in Iarscríbhinn IIIa,*** nó |

Or. en

**Leasú 220**
**Christophe Clergeau**
thar ceann an Ghrúpa S&D

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15 a) ciallaíonn 'measúnú sábháilteachta faoi dhíon' bunseiceálacha eolaíocha éagsúla lena gcuirtear an planda TGN i gcomparáid le máthairphlanda neamh-mhodhnaithe den speiceas céanna a fhástar faoi na coinníollacha céanna a leagtar amach in Iarscríbhinn IIIa. Tá sé beartaithe chun a fhiorú nach gcruthófaí bithcheimiceáin nó próitéiní núíosacha nó ciméaracha, a d'fhéadfadh leibhéil na dtocsainí, na n-ailléirginí nó na bhfrithchothaitheach a mhéadú, mar thoradh ar iarmhairtí na modhnuithe géiniteacha;*** |

Or. en

31.1.2024 A9-0014/221

**Leasú 221**
**Christophe Clergeau**
thar ceann an Ghrúpa S&D

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Chun an dearbhú maidir le stádas phlanda TGN de chatagóir 1 dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (a) a fháil, sula dtabharfar faoi scaoileadh réamhbheartaithe ***phlanda*** TGN chun aon chríche eile seachas lena chur ar an margadh, cuirfidh an duine a bheartóidh tabhairt faoin scaoileadh réamhbheartaithe iarraidh chun a fhíorú cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I (‘iarraidh ar fhíorú’) faoi bhráid an údaráis inniúil arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Threoir 2001/18/CE de chuid an Bhallstáit ar laistigh dá chríoch a bhfuil an scaoileadh le tarlú i gcomhréir le míreanna 2 agus 3 agus leis an ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27, pointe (b). | 1. Chun an dearbhú maidir le stádas phlanda TGN de chatagóir 1 dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (a) a fháil, sula dtabharfar faoi scaoileadh réamhbheartaithe ***planda*** TGN chun aon chríche eile seachas lena chur ar an margadh, cuirfidh an duine a bheartóidh tabhairt faoin scaoileadh réamhbheartaithe iarraidh chun a fhíorú cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I ***agus Iarscríbhinn IIIa*** (‘iarraidh ar fhíorú’) faoi bhráid an údaráis inniúil arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Threoir 2001/18/CE de chuid an Bhallstáit ar laistigh dá chríoch a bhfuil an scaoileadh le tarlú i gcomhréir le míreanna 2 agus 3 agus leis an ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27, pointe (b). |

Or. en

**Leasú 222**
**Christophe Clergeau**
thar ceann an Ghrúpa S&D

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3 – pointe d – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) go gcomhlíonann an planda TGN na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I; | (ii) go gcomhlíonann an planda TGN na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I***, agus an measúnú sábháilteachta faoi dhíon a leagtar amach in Iarscríbhinn IIIa***; |

Or. en

**Leasú 223**
**Christophe Clergeau**
thar ceann an Ghrúpa S&D

**Tuarascáil A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe d – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) go gcomhlíonann an planda TGN na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I; | (ii) go gcomhlíonann an planda TGN na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I ***agus an measúnú sábháilteachta faoi dhíon a leagtar amach in Iarscríbhinn IIIa***; |

Or. en

**Leasú 224**
**Christophe Clergeau**
thar ceann an Ghrúpa S&D

**Tuarascáil A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) i gcás inarb iomchuí, plean faireacháin maidir le héifeachtaí comhshaoil i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir 2001/18/CE, lena n-áirítear togra maidir le ***ré*** an phlean faireacháin; d'fhéadfadh an tréimhse ama sin a bheith difriúil leis an tréimhse atá beartaithe don toiliú. Más rud é, bunaithe ar thorthaí aon scaoilte a fógraíodh i gcomhréir le Roinn 1, i ndáil le torthaí an mheasúnaithe riosca comhshaoil, saintréithe an phlanda TGN, saintréithe agus scála a úsáide ***ionchasaí*** agus saintréithe na timpeallachta glactha, i gcomhréir leis an ngníomh cur chun feidhme ***a glacadh*** i gcomhréir le hAirteagal 27, pointe (d), go measann an ***fógróir nach bhfuil gá le*** plean faireacháin ***maidir leis an bplanda TGN, féadfaidh an fógróir*** a ***mholadh gan plean faireacháin a chur isteach***; | (h) i gcás inarb iomchuí, plean faireacháin maidir le héifeachtaí comhshaoil i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir 2001/18/CE, lena n-áirítear togra maidir le ***tréimhse ama*** an phlean faireacháin; d'fhéadfadh an tréimhse ama sin a bheith difriúil leis an tréimhse atá beartaithe don toiliú. Más rud é, bunaithe ar thorthaí aon scaoilte a fógraíodh i gcomhréir le Roinn 1, i ndáil le torthaí an mheasúnaithe riosca comhshaoil, saintréithe an phlanda TGN, saintréithe agus scála a úsáide ***ionchais*** agus saintréithe na timpeallachta glactha, i gcomhréir leis an ngníomh cur chun feidhme ***arna ghlacadh*** i gcomhréir le hAirteagal 27, pointe (d), go measann an ***t-iarratasóir gur cheart*** plean faireacháin ***níos éadroime*** a ***bheith ann maidir leis an bplanda TGN***; |

Or. en

**Leasú 225**
**Christophe Clergeau**
thar ceann an Ghrúpa S&D

**Tuarascáil A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Sa toiliú i scríbhinn dá dtagraítear in Airteagal 19 de Threoir 2001/18/CE sonrófar ceanglais faireacháin, mar a thuairiscítear in Airteagal 19(3) pointe (f), nó dearbhófar ann ***nach bhfuil gá*** le ***faireachán***. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 17(2), pointe (b) de Threoir 2001/18/CE mura gceanglaítear faireachán a dhéanamh leis an toiliú. | Sa toiliú i scríbhinn dá dtagraítear in Airteagal 19 de Threoir 2001/18/CE sonrófar ceanglais faireacháin, mar a thuairiscítear in Airteagal 19(3) pointe (f), nó dearbhófar ann ***go bhféadfadh faireachán níos éadroime a bheith ann. Leis an toiliú i scríbhinn, soláthrófar na forais leormhaithe lena dtugtar údar*** le ***plean faireacháin níos éadroime***. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 17(2), pointe (b) de Threoir 2001/18/CE mura gceanglaítear faireachán a dhéanamh leis an toiliú. |

Or. en